Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**Lucsamburg, 20 Meitheamh 2016**
**(OR. en)**

**10393/16**

**COAFR 187**
**ACP 94**
**CFSP/PESC 509**
**RELEX 540**
**MIGR 119**
**POLMIL 64**
**CIVCOM 119**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 20 Meitheamh 2016 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 9807/16 |
| Ábhar: | An tSaiheil<br>- Conclúidí ón gComhairle |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san iarscríbhinn a ghabhann leis seo na conclúidí ón gComhairle maidir leis an tSaiheil, mar a ghlac an Chomhairle iad ag an 3477ú cruinniú dá cuid a tionóladh ar an 20 Meitheamh 2016.

**Conclúidí ón gComhairle maidir leis an tSaiheil**

1. Bliain ó shin, ba chloch mhíle ó thaobh síochána agus cobhsaíochta sa tSaiheil é síniú Chomhaontú Síochána agus Athmhuintearais Mhailí. Faoi láthair, tá an-dul chun cinn déanta i Mailí agus sa tSaiheil. Mar sin féin, tá dúshláin thábhachtacha náisiúnta, réigiúnacha agus thrasnáisiúnta fós ann. Inniu, athdhearbhaíonn an tAontas Eorpach go bhfuil sé tiomanta tacú leis an réigiún, mar a leagtar amach é i bPlean Gníomhaíochta Réigiúnach 2015-2020 don tSaiheil a glacadh ar an 20 Aibreán 2015 agus le cur chun feidhme Chomhaontú Síochána agus Athmhuintearais Mhailí, in éineacht le comhaltaí eile na foirne idirghabhála agus leis an gcomhphobal idirnáisiúnta.

2. Molann an tAontas ceannaireacht pholaitiúil na cúig thír de chuid G5 na Saiheile: An Mháratáin, Mailí, an Nígir, Buircíne Fasó agus Sead, mar aon le hAontas na hAfraice, ECOWAS agus na Náisiúin Aontaithe chun dul i ngleic leis na dúshláin ollmhóra slándála, imirce, rialachais agus forbartha atá ann sa réigiún, agus athdhearbhaíonn sé a rún daingean tacú leis na tionscnaimh réigiúnacha agus tírthreoraithe, amhail G5 na Saiheile. Sa chomhthéacs sin, is díol sásaimh don Chomhairle an dara cruinniú aireachta a thionól Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála (an tArdionadaí), a bhí ar siúl sa Bhruiséil ar an 17 Meitheamh, le hAirí Gnóthaí Eachtracha, chomh maith le hUachtarán agus Rúnaí Buan G5 na Saiheile. Iarrann an Chomhairle ar an Ardionadaí, ar Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh don tSaiheil, ar an gCoimisiún Eorpach agus ar na Ballstáit iarrachtaí a dhéanamh chun comhpháirtíocht G5 na Saiheile agus an Aontais a neartú tuilleadh. Is díol sásaimh don Chomhairle freisin an cruinniú trípháirteach le hAirí Eachtracha na Libia, na Nígire, agus Shead maidir le bainistiú teorann a tionóladh nuair a bhí cruinniú G5 ag dul ar aghaidh agus inar leagadh béim ar an ngá atá le comhar nithiúil.

3. Leagann an tAontas Eorpach béim ar a thábhachtaí atá sé leanúint de pháirt ghníomhach a ghlacadh i réigiún na Saiheile, lena n-áirítear i ndáil le tíortha comharsanachta réigiún na Magraibe agus na Libia. Tá ról tábhachtach ag an Aontas sa réigiún, agus raon iomlán a ionstraimí i réimse na taidhleoireachta á chur i bhfeidhm aige ar mhaithe le comhar fadtéarmach um fhorbairt, tacaíocht do chearta an duine, iarrachtaí maidir le cobhsú, athléimneacht a fhorbairt, cabhair dhaonnúil, agus slándáil, lena n-áirítear misin CBSC. Molann an Chomhairle an dul chun cinn a baineadh amach maidir le cur chuige cuimsitheach a chur chun feidhme i Réigiún na Saiheile. Leagann sí béim ar an ngá atá lena áirithiú go n-úsáidtear na hionstraimí atá ar fáil ar bhealach straitéiseach, comhordaithe chun éifeachtúlacht agus sineirgí a lorg, agus chun dul i ngleic le bunchúiseanna na héagobhsaíochta agus na himirce neamhrialta.

4. Is díol sásaimh don Aontas Eorpach iad athbhunú an oird bhunreachtúil i mBuircíne Fasó, a raibh an tAontas ina chomhpháirtí tiomnaithe ina leith, agus reáchtáil toghchán sa Nígir agus i Sead. Athdhearbhaíonn sé freisin a thiomanta atá sé tacú le próisis chuimsitheacha thrédhearcacha, go háirithe leis an idirphlé polaitiúil, le hinstitiúidí daonlathacha tábhachtacha agus le gníomhaithe tábhachtacha, agus le forbairt inbhuanaithe atá chun leas an phobail uile agus atá nasctha go dlúth leis an staid slándála a fheabhsú, mar a luaitear sin i Straitéis an Aontais Eorpaigh maidir le Slándáil agus Forbairt i réigiún na Saiheile.

5. Cáineann an tAontas go géar na hionsaithe sceimhlitheoireachta go léir atá á ndéanamh ag AQIM, Da'esh, Ansar Dine, Boko Haram agus grúpaí gaolmhara i gcoinne sibhialtach, fórsaí náisiúnta agus idirnáisiúnta sa Nígir, i Mailí, i mBuircíne Fasó agus ar an gCósta Eabhair, agus chomh maith leis sin i gcoinne Mhisean Cobhsaíochta Comhtháite Ilghnéitheach na Náisiún Aontaithe i Mailí (MINUSMA). Molann sé íospartaigh shibhialtacha an fhoréigin sceimhlitheoireachta agus na híobairtí a rinne trúpaí na dtíortha atá tiomanta do thacú le cobhsú na Saiheile. Cuireann sí i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé iad siúd is cúis leo a thabhairt os comhair na cúirte agus is díol sásaimh di rannpháirtíocht leanúnach na Fraince trí Oibríocht Barkhane, atá fós ríthábhachtach sa chomhrac in aghaidh na sceimhlitheoireachta i réigiún na Saiheile. I ndáil leis sin, cuireann an tAontas i bhfios go láidir go gcaithfidh na páirtithe uile a áirithiú go gcosnófar sibhialtaigh, lena n-áirítear pearsanra na Náisiún Aontaithe agus oibrithe cabhrach daonnúla, agus urraim a thabhairt ar chearta an duine agus ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta.

6. Tá imní ar an Aontas i gcónaí maidir le luas an dul chun cinn agus cur chun feidhme measartha an Chomhaontaithe Síochána agus Athmhuintearais i Mailí go dtí seo. Iarrann an tAontas ar na páirtithe sínitheacha go léir a ndícheall a dhéanamh chun an Comhaontú a chur chun feidhme go tapa agus chun na gealltanais a rinneadh i ndáil leis an méid sin a chomhlíonadh, lena n-áirítear na próisis maidir le dílárú agus athmhuintearas, cur chun feidhme na straitéise forbartha le haghaidh thuaisceart Mhailí agus dlús a chur faoi Athchóiriú na hEarnála Slándála (SSR) agus an próiseas Dí-armála, Díshlógadh agus Athimeasctha (DDR). Is díol sásaimh don Aontas an dul chun cinn a rinne na páirtithe sínitheacha, trí theacht ar chomhaontú maidir le prionsabail agus amchláir do na socruithe eatramhacha chun cumhacht a roinnt sa tuaisceart ag an gCoiste Leantach ar an 13 agus an 14 Meitheamh. Áitíonn an tAontas ar na páirtithe uile na riaracháin idirthréimhseacha a comhaontaíodh a chur chun feidhme, chomh maith le liostaí réamh-shocraithe, cuimsitheacha a thíolacadh le haghaidh slógadh iar-chomhraiceoirí reibiliúnacha. Iad siúd a dhéanann dochar don phróiseas síochána, ní ligfear dóibh éalú ón bhfreagracht atá orthu mar gheall ar a gcuid gníomhaíochtaí. Tá tábhacht ar leith i gcónaí ag baint le forbairt síochána atá buan agus cuimsitheach, go háirithe le rannpháirtíocht ghníomhach na mban agus na ngrúpaí leochaileacha. Molann an tAontas ról ríthábhachtach na hAilgéire i bpróiseas síochána Mhailí. Tacaíonn an tAontas go mór le hobair MINUSMA, agus lena dhlúthchomhar, lena n-áirítear le hIonadaí Speisialta Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe. Leanfaidh an tAontas den tacaíocht do SSR agus DDR, i ndlúthchomhar le misin MINUSMA agus CBSC. Is díol sásaimh don Chomhairle freisin rannpháirtíocht Bhallstáit an Aontais i MINUSMA, EUTM Mailí agus EUCAP Sahel Mali agus EUCAP Sahel Niger.

7. Is ábhar mór imní don Aontas an méadú ar smuigleáil imirceach agus gáinneáil ar dhaoine, ar dhrugaí agus ar airm i réigiún na Saiheile. Tá tionchar diúltach ag gníomhaíochtaí neamhdhleathacha den chineál sin ar chobhsaíocht agus ar shlándáil an réigiúin. Is foinse ioncaim iad freisin do ghrúpaí sceimhlitheoireachta agus do bhagairtí eile ar an gcobhsaíocht i réigiún na Saiheile. Tá imní ar an Aontas freisin maidir leis an riosca a bhaineann le líonraí coiriúla a bhainfeadh an bonn ón smacht reachta, ó údarás an Stáit agus ó fheidhmiú ceart chórais ceartais agus slándála na dtíortha sa réigiún. Tá an tAontas réidh chun obair leis na tíortha sa réigiún chun bearta éifeachtacha a chur i bhfeidhm lena gcuirfear isteach ar oibríochtaí líonraí coiriúla agus samhlacha gnó neamhdhleathacha gaolmhara. Is príomhthosaíocht é tacú le fothú acmhainní i réimse na slándála do thíortha na Saiheile, agus tá an tAontas agus na Ballstáit tiomanta d'úsáid a bhaint as na hionstraimí iomchuí uile chun an cuspóir sin a bhaint amach.

8. Measann an tAontas go bhfuil sé bunriachtanach agus práinneach araon dul i ngleic leis an méadú i líon na n-imirceach neamhrialta a fhágann an Afraic Thiar tríd an tSaiheil d'fhonn an tAontas a shroicheadh, agus go háirithe an t-idirthuras tríd an Nígir go dtí an Libia, a mbeatha féin á chur i mbaol go minic le linn an phróisis. Ag cur le Plean Gníomhaíochta Vaileite agus ag tagairt do na Conclúidí ón gComhairle maidir le Gnéithe Seachtracha a bhaineann leis an Imirce an 23 Bealtaine 2016, meabhraíonn an tAontas Eorpach dó go bhfuil gá le freagraí láithreacha agus fadtéarmacha araon ar an ngéarchéim imirce mar atá sé trí chur chuige cothrom, níos leithne atá bunaithe ar phrionsabal na comhfhreagrachta agus ar an idirphlé chomh maith le dul i ngleic go héifeachtach leis na bunchúiseanna. Tá comhar maidir leis na saincheisteanna uile a bhaineann le himirce, lena n-áirítear maidir le filleadh agus le hathligean isteach sna tíortha tionscnaimh, fíorthábhachtach i gcónaí. Tá sé tábhachtach go dtabharfar aghaidh ar bhunchúiseanna na himirce neamhrialta i réigiún na Saiheile, lena n-áirítear trí iarrachtaí chun cur le forbairt an duine agus leis an tslándáil. Is gné ríthábhachtach é neartú an bhainistithe chomhtháite ar shaincheisteanna trasteorann i gcomhair na cobhsaíochta agus na slándála i réigiún na Saiheile agus na dtíortha comharsanachta. Athdhearbhaíonn an tAontas go bhfuil sé tiomanta tacú le bainistiú imirce agus le bainistiú comhtháite teorainneacha i réigiún na Saiheile agus timpeall Loch Shead, trí ghníomhaíochtaí i réimse na forbartha athléimneachta, an rialachais, na forbartha agus na slándála agus mar chuid de chur chuige cuimsitheach foriomlán.

9. Sa chomhthéacs sin, tugann an Chomhairle dá haire an togra ón gCoimisiún Eorpach maidir le Creataí Comhpháirtíochta nua a bhunú chun an imirce a bhainistiú ar bhealach níos fearr ag tosú le tríú tíortha tosaíochta an tionscnaimh agus idirthurais.

10. Is díol sásaimh don Aontas Eorpach rannchuidiú Chiste Iontaobhais an Aontais don Afraic (EUTF) de chuid AE mar uirlis thábhachtach bhreise a úsáidfear go straitéiseach chun an cur chuige cuimsitheach le haghaidh cobhsaíochta, slándála agus athléimneachta i réigiún na Saiheile a threisiú. Leanfaidh an tAontas den dlús a chur leis an rannpháirtíocht le tíortha na Saiheile bunaithe ar phrionsabal na comhfhreagrachta. Sa chomhthéacs sin, maidir le tionscadail EUTF, atá dírithe ar aghaidh a thabhairt ar na riachtanais a ndéanfar measúnú orthu agus ar thionchar intomhaiste a bhaint amach sa mheántéarma agus san fhadtéarma araon, beidh siad fós bunriachtanach mar chuid d'iarrachtaí comhair seanbhunaithe an Aontais sa réigiún. Is díol sásaimh don Aontas na tionscadail a glacadh, arna iarraidh sin ag ár gcomhpháirtithe G5 na Saiheile, i measc tionscadail eile tionscadail slándála agus tionscadail an bhainistithe teorann chun rialú críochach níos éifeachtaí a áirithiú agus chun dul i ngleic ar bhealach níos éifeachtaí le sreafaí aindleathacha agus gáinneáil. Leagann an tAontas béim ar an ngá atá le dlúthchomhar idir na tionscnaimh éagsúla, agus clár oibre níos fadtéarmaí do SSR.

11. Leagann an tAontas béim ar a thábhachtaí atá cur chuige cuimsitheach chun dul i ngleic leis na dúshláin iomadúla maidir le fás déimeagrafach, agus athdhearbhaíonn sé gur príomhthosaíocht í an óige sa tSaiheil. Tá sé bunriachtanach go gcuirfear oideachas cuimsitheach bunúsach agus oiliúint ghairmiúil, chomh maith le deiseanna fostaíochta, agus ionchais eacnamaíocha níos fearr, ar fáil do dhaoine óga, agus go gcruthófar poist dóibh, chun an dul chun cinn san fhorbairt a chomhdhlúthú, chun cur i gcoinne an antoisceachais fhoréignigh agus an radacaithe, agus chun brú méadaithe ón imirce a sheachaint. Iarrann an tAontas tionscnaimh chuimsitheacha atá bunaithe ar inscne agus atá dírithe ar ról bunriachtanach na mban i sochaithe na Saiheile a neartú. Chun aghaidh a thabhairt ar an bhfás déimeagrafach, beidh gá le dul chun cinn níos fearr maidir le cumhachtú na mban agus deiseanna comhionanna oideachais do chailíní chun forbairt, fás agus rathúnas inbhuanaithe a áirithiú sa réigiún.

12. Leagann an tAontas béim ar an rannchuidiú leanúnach, forbarthach don chobhsaíocht i réigiún na Saiheile tríd a chuid misean CBSC i Mailí agus sa Nígir, eadhon EUCAP Sahel Mali agus EUTM Mali agus EUCAP Sahel Niger, i ndlúthchomhar lena gcuid rialtas ósta. Cuireann an tAontas i bhfios go láidir a thábhachtaí atá rannpháirtíocht fheabhsaithe leis an réigiún, lena n-áirítear trí fhorbairt a dhéanamh ar iarrachtaí CBSC amhail oiliúint agus fothú acmhainní a chur ar fáil agus tacú le comhar réigiúnach G5 na Saiheile. Ba cheart go mbeadh an rannpháirtíocht fheabhsaithe sin i dteannta le comhordú neartaithe idir Misin CBSC sa tSaiheil, ionstraimí agus cláir eile de chuid an Aontais agus na mBallstát agus sna réigiúin, lena n-áirítear EUTF, agus freisin faoi chuimsiú an tionscnaimh maidir le Fothú Acmhainní a thacaíonn leis an tSlándáil agus leis an bhForbairt (CBSD). Ag díriú i gcónaí ar phríomh-shainorduithe, iarrann an Chomhairle ar SEGS, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit agus i gcomhar le seirbhísí an Choimisiúin, chun scrúdú a dhéanamh ar na deiseanna atá ann maidir le réigiúnú misean de chuid CBSC chomh luath agus is féidir.